2017. M49T

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2017

**SCRÍOBH DO SCRÚDUIMHIR ANSEO** ☛

# CEOL – GNÁTHLEIBHÉAL
# CUMADÓIREACHT (100 marc)
# DÉARDAOIN 22 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 3.15–4.45

STAMPA AN IONAID

**DON SCRÚDAITHEOIR**

Móriomlán na marcanna

| CEIST | MARC | | | |
|---|---|---|---|---|
| 1 | | | | |
| 2 | | | | |
| 3 | | | | |
| 4 | | | | |
| 5 | | | | |
| 6 | | | | |
| IOMLÁN | | | | |
| GRÁD | | | | |

## TREORACHA D'IARRTHÓIRÍ

- ❐ Scríobh do scrúduimhir sa bhosca thuas.
- ❐ Freagair na ceisteanna sna spásanna atá ann dóibh sa fhreagarleabhar seo.
- ❐ Bain úsáid as na cliatha folmha ar fud an fhreagarleabhair do shracobair.

| | |
|---|---|
| **1. Iomlán na n-iomlán bun leathanaigh** | |
| **2. Móriomlán na gceisteanna dícheadaithe uile** | |
| **3. An marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2)** | |

**Freagair DHÁ cheist – Ceist AMHÁIN as Roinn A (Cumadóireacht Séise) agus ceist AMHÁIN as Roinn B (Armóin)**

## ROINN A – CUMADÓIREACHT SÉISE (40 marc)

Gan ach ceist amháin a fhreagairt sa roinn seo: C1 nó C2 nó C3.

### C.1 LEANÚINT D'OSCAILT A THUGTAR

Freagair (a) **agus** (b).

(a) • Lean ar aghaidh leis an oscailt a thugtar chun séis ocht mbarra a dhéanamh, ag críochnú ar an ngléasnóta, is é sin, dó.

• Cuir comharthaí mírithe agus mothúcháin cuí leis an tséis.

• Roghnaigh uirlis as an liosta seo a leanas a bheadh oiriúnach don tséis agatsa:

☐ cláirnéid ☐ fliút Shasanach fhorshéise ☐ veidhlín ☐ trumpa




**agus**

(b) • Lean ar aghaidh leis an oscailt a thugtar chun séis ocht mbarra a dhéanamh, ag críochnú ar an ngléasnóta, is é sin, dó.

• Cuir comharthaí mírithe agus mothúcháin cuí leis an tséis.

• Roghnaigh uirlis as an liosta seo a leanas a bheadh oiriúnach don tséis agatsa:

☐ trumpa ☐ veidhlín ☐ óbó ☐ cláirnéid




**(40)**


**C.2 CEOL A CHUR LE TÉACS A THUGTAR**

Freagair (a) **agus** (b).

Seo a leanas sliocht as an dán *Abhainn ag caint* le Peadar Ó hAnnracháin.

Sruthán beag mé, sruthán beag mé,
Ó thaobh an chnoic a thagaim;
Is bím ag léimneach is ag rith
Is am ar bith ní stadaim.


(a) • Cuireadh rithim leis an dá líne thosaigh. Cum rithim a d'oirfeadh do na focail eile.




bím ag léim - neach is ag rith is

am ar bith ní sta - daim.

(b) • Ag úsáid na rithime seo duit, lean ar aghaidh leis an oscailt thíos chun séis ocht mbarra a dhéanamh.
• Críochnaigh ar an ngléasnóta, is é sin, dó.
• Scríobh na focail faoi na nótaí.
• Cuir comharthaí mírithe agus mothúcháin cuí leis an tséis.




(40)

## C.3 CUMADÓIREACHT DO RITHIM NÓ DO MHEADARACHT NÓ D'FHOIRM DAMHSA A THUGTAR

Freagair (a) **agus** (b).


(a) • Déan staidéar ar oscailt an válsa seo.

• Lean ar aghaidh leis an oscailt a thugtar chun séis ocht mbarra a dhéanamh, ag críochnú ar an ngléasnóta, is é sin, dó.

• Cuir comharthaí mírithe agus mothúcháin cuí leis an tséis.

• Roghnaigh uirlis as an liosta seo a leanas a bheadh oiriúnach don tséis agatsa:

☐ fliúit Shasanach fhorshéise ☐ óbó ☐ fliúit ☐ veidhlín




**agus**

(b) • Déan staidéar ar oscailt na máirseála seo.

• Lean ar aghaidh leis an oscailt a thugtar chun séis ocht mbarra a dhéanamh, ag críochnú ar an ngléasnóta, is é sin, dó.

• Cuir comharthaí mírithe agus mothúcháin cuí leis an tséis.

• Roghnaigh uirlis as an liosta seo a leanas a bheadh oiriúnach don tséis agatsa:

☐ cláirnéid ☐ fliúit ☐ veidhlín ☐ óbó




**(40)**


**ROINN B – ARMÓIN (60 marc)**

Gan ach ceist **amháin** a fhreagairt sa roinn seo: C4 nó C5 nó C6.

## C.4 CUMADÓIREACHT NÓTAÍ SÉISE AGUS DORDNÓTAÍ Ó SHRAITH CORDAÍ


RÉAMHOBAIR

• Scríobh amach mórscála D ar an gcliath thíos:



• Rianaigh na cordaí atá ar fáil duit sa ghléas seo (I, ii, IV, V agus vi) i ngreille an chordbhainc nó ar an gcliath thíos. Tá an chéad chorda tugtha.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Nótaí an chorda | A<br>F♯<br>D | | C♯<br>A<br>F♯ | | | | G<br>E<br>C♯ |
| Siombail an chorda | D | | F♯m | | | | C♯° |
| An uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii° |




**SRACOBAIR**

• Déan staidéar ar an dréacht ceoil seo thíos.

• Agus tú ag úsáid na rithimí a thugtar duit, cuir isteach nótaí séise agus dordnótaí chun gach mír díobh seo a chríochnú le cordaí dúnta agus le réamhchordaí mar seo a leanas:


(i) Ag A, dúnadh **foirfe (lándúnadh)** le réamhchorda (IV—V—I)

(ii) Ag B, dúnadh **tánaisteach** le réamhchorda (vi—IV—I)

(iii) Ag C, dúnadh **neamhfhoirfe (leathdhúnadh)** le réamhchorda (vi—ii—V)

(iv) Ag D, dúnadh **foirfe (lándúnadh)** le réamhchorda (IV—V—I)


**A**




**B**



**C**



**D**




**(60)**

## C.5 DORDNÓTAÍ AGUS COMHARTHAÍ CORDA A CHUR ISTEACH AG POINTÍ DÚNTA


RÉAMHOBAIR

• Scríobh amach mórscála G ar an gcliath thíos:



• Rianaigh na cordaí atá ar fáil duit sa ghléas seo (I, ii, IV, V agus vi) i ngreille an chordbhainc nó ar an gcliath thíos. Tá an chéad chorda tugtha.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Nótaí an chorda | D<br>B<br>G | | F♯<br>D<br>B | | | | C<br>A<br>F♯ |
| Siombail chorda | G | | Bm | | | | F♯° |
| Uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii° |




**SRACOBAIR**

- Déan staidéar ar an dréacht ceoil seo thíos.
- Cuir isteach dordnótaí agus comharthaí oiriúnacha chun na dúntaí ag A, B, C agus D a chríochnú.
- Is ceadmhach úsáid a bhaint as siombailí corda nó as uimhreacha Rómhánacha, ach gan úsáid a bhaint as an dá cheann.
- Ná bíodh an corda céanna agat i mboscaí le hais a chéile.





**(60)**

## C.6 NÓTAÍ FORSHÉISE AGUS COMHARTHAÍ CORDA A CHUR ISTEACH AG POINTÍ DÚNTA


RÉAMHOBAIR

- Scríobh amach mórscála F ar an gcliath thíos:



- Rianaigh na cordaí atá ar fáil duit sa ghléas seo (I, ii, IV, V agus vi) i ngreille an chordbhainc nó ar an gcliath thíos. Tá an chéad chorda tugtha.

| Nótaí an chorda | C<br>A<br>F | | E<br>C<br>A | | | | B♭<br>G<br>E |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Siombail an chorda | F | | Am | | | | E° |
| An uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii° |






**SRACOBAIR**


• Déan staidéar ar an dréacht ceoil seo thíos.


• Cuir isteach cordaí agus nótaí forshéise oiriúnacha ag A, B, C agus D chun deireadh na míreanna a chríochnú.

• Is ceadmhach úsáid a bhaint as siombailí corda nó as uimhreacha Rómhánacha, ach gan úsáid a bhaint as an dá cheann.




**(60)**

**SRACOBAIR**

Leathanach bán

2017. M51T

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2017

**SCRÍOBH DO SCRÚDUIMHIR ANSEO** ☛

| |
|---|
| |

| **CEOL – GNÁTHLEIBHÉAL** |
|---|
| **ÉISTEACHT (100 marc)** |
| **DÉARDAOIN 22 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 1.30–3.00** |

STAMPA AN IONAID

**DON SCRÚDAITHEOIR**

Móriomlán na marcanna

| CEIST | MARC | | | |
|---|---|---|---|---|
| 1 | | | | |
| 2 | | | | |
| 3 | | | | |
| 4 | | | | |
| 5 | | | | |
| 6 | | | | |
| IOMLÁN | | | | |
| BÓNAS DON GHAEILGE | | | | |
| MÓRIOM | | | | |
| GRÁD | | | | |

## TREORACHA D'IARRTHÓIRÍ

- ❒ Scríobh do scrúduimhir sa bhosca thuas.
- ❒ Sula dtosaíonn an scrúdú, éist go cúramach leis an sliocht trialach. Mura féidir leat an taifeadadh a chloisteáil go soiléir, cuir in iúl don fheitheoir láithreach bonn é.
- ❒ Éist go gcloisfidh tú an ghíog rabhaidh agus na fógraí ar an taifeadadh.
- ❒ Scríobh do chuid freagraí uile sa fhreagarleabhar seo sna spásanna atá ann dóibh. I gceisteanna ina bhfuil rogha, cuir tic sa bhosca cuí.
- ❒ Bain úsáid as na spásanna laistigh den chlúdach cúil don tsracobair.

**C. 1** Trí shliocht as *Ceathairéad Pianó Uimh.1* le Gerald Barry.

- Seinnfear gach sliocht trí huaire.
- Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1. Tá breac-scór den ceol sa sliocht seo priontáilte thíos.**




(i) Bunaíodh an ceol sa sliocht seo ar an bhfonn Gaelach

❒ Sí Beag Sí Mór ❒ Lord Mayo’s Delight

(ii) Sainaithin an t-amchomhartha atá ar iarraidh ag **X** ar an scór.

❒ $\frac{3}{16}$ ❒ $\frac{3}{8}$ ❒ $\frac{3}{4}$

(iii) Ainmnigh na ceithre uirlis atá á seinm sa sliocht seo.

1. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ 2. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

3. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ 4. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**Sliocht 2, *Hommage à Horowitz.* Níl aon cheol priontáilte ann don sliocht seo.**

(i) Cén fáth ar thug Gerald Barry *Hommage à Horowitz* ar an gcuid seo?

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Gné den ceol sa sliocht seo ná


☐ maisiú ☐ ochtacha ☐ nótbhraislí

(iii) Sainaithin difríocht amháin idir an ceol sa sliocht seo agus an ceol i sliocht 1.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**Sliocht3. Tá breac-scór den ceol sa sliocht seo priontáilte thíos.**



(i) Sa sliocht seo, iarrtar ar na hoirfidigh seinm *senza vibrato*. Mínigh *senza vibrato*.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Seinntear an ceol

☐ go mothúchánach ☐ le haicinn ☐ go garbh

(iii) Seinntear na huirlisí i gcanóin sa sliocht seo. Mínigh canóin.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iv) Déan cur síos ar cheann amháin de na gnéithe seo a leanas a úsáideann Gerald Barry ina *Cheathairéad Pianó Uimh.1.*

| úsáid foinn Ghaelacha | méadú | casiompú | lámhbhraislí |
|---|---|---|---|

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _


_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**(25)**

**C. 2** Sliocht as *Bohemian Rhapsody* le Freddie Mercury a sheinnfear trí huaire.

- Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
- Tá príomhlíne an ghutha sa sliocht seo priontáilte thíos.




- Freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Sainaithin gné amháin de cheol an phianó sa sliocht seo.

_______________________________________________

(ii) Stíl an cheoil sa sliocht seo ná

☐ stíl cheoldrámata ☐ stíl bhailéadach ☐ stíl roc chrua

Tabhair cúis amháin le do fhreagra.

_______________________________________________

_______________________________________________

(iii) Ainmnigh an chnaguirlis a chloistear ag fíordheireadh an tsleachta seo. _________________

(iv) Sainaithin difríocht amháin idir an ceol a chloistear sa sliocht seo agus an ceol a chloistear i gcuid na hoscailte de *Bohemian Rhapsody*.

_______________________________________________

_______________________________________________

(v) Ainmnigh teicníc thaifeadta a úsáidtear in *Bohemian Rhapsody* agus dean cur síos uirthí.

Teicníc. _______________________________________________

Cur síos. _______________________________________________

_______________________________________________

**(10)**

**C. 3** Sliocht as Cantáid Uimh. 78, *Jesu, der du meine Seele* le J.S. Bach a sheinnfear trí huaire.

- Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
- Níl aon cheol priontáilte ann don cheist seo.
- Freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Sainaithin an ghluaiseacht as ar baineadh an sliocht seo.

❒ An Cór ❒ Aria Duetto ❒ An Chóráil

(ii) Cén dá guth a chloistear sa sliocht seo? Cuir tic le dhá cheann.

❒ soprán ❒ alt ❒ teanór ❒ dord

Táthar á dtionlacan le

❒ dordveidhil agus dord ❒ orgán ❒ orgán, dordveidhil agus dord

(iii) Tá samplaí de mheiliosma le cloisteáil sa sliocht seo.
Mínigh meiliosma.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iv) Cén ghné díobh seo a leanas a chloistear sa sliocht seo?

❒ miontonúlacht ❒ cuntrashéis ar an bhfliúit ❒ nótaí troitheánacha

(v) Is é atá sa dúnadh ag deireadh an tsleachta ná

❒ dúnadh foirfe (lándúnadh)

❒ dúnadh neamhfhoirfe (leathdhúnadh)

❒ dúnadh briste

**(10)**

**C. 4** Sliocht as *Romeo and Juliet Fantasy Overture* le Tchaikovsky a sheinnfear trí huaire.

- Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
- Níl aon cheol priontáilte ann don cheist seo.
- Freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Is é an téama a chloistear sa sliocht seo ná

☐ Téama Friar Lawrence ☐ Téama an Achrainn ☐ Téama an Ghrá

Baineadh an sliocht seo

☐ as an intreoir ☐ as an bhfoilsiú ☐ as an gcóda

(ii) Is í an rithim atá ann ag tús an théama ná

☐  ☐  ☐ 

(iii) Seinntear an ceol sa sliocht seo

☐ allegro ☐ andante ☐ adagio

Tá an tonúlacht

☐ mór ☐ mion

(iv) Sa sliocht seo cloistear dialóg idir

☐ na téaduirlisí agus na gaothuirlisí adhmaid

☐ na téaduirlisí agus na huirlisí práis

☐ na huirlisí práis agus na gaothuirlisí adhmaid

(v) Sampla de cheol tuairisciúil é *Réamhcheol Fantaise Romeo agus Juliet* le Tchaikovsky.
Mínigh é sin.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**(10)**

**Leathanach bán**

## C. 5 Ceol Gaelach

Cloisfidh tú trí shliocht, gach ceann díobh á sheinm trí huaire. Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.

• Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1**

(i) Is é an fonn damhsa a chloistear sa sliocht seo ná

❒ port ❒ ríl ❒ cornphíopa

(ii) Is é amchomhartha an damhsa seo ná

❒ $\frac{4}{4}$ ❒ $\frac{3}{4}$ ❒ $\frac{6}{8}$

(iii) Barra rithime tipiciúil a bhaineann leis an damhsa seo ná

❒  ❒  ❒ 

(iv) Sainaithin uirlis amháin ar a seinntear an tséis.

❒ bainseó ❒ píb uilleann ❒ fidil

**Sliocht 2**

Dhá véarsa as *Neainsín Bhán.*

(i) Sainaithin an stíl amhránaíochta sa sliocht seo.

_______________________________________________

(ii) Ainmnigh dhá ghné den stíl amhránaíochta seo mar a chloistear sa sliocht seo iad.

1. _______________________________________________

2. _______________________________________________

(iii) Is í foirm an véarsa a chloistear sa sliocht seo ná

❒ AABB ❒ AABA ❒ ABBA

**Sliocht 3**

(i) Is é atá san fhonn seo ná

☐ máirseáil ☐ caoineadh ☐ fonn damhsa

(ii) Sa sliocht seo, cloistear

☐ maisiú ☐ cuntrashéis ☐ saor-rithim

(iii) Ainmnigh uirlis amháin ar a seinntear an tséis sa sliocht seo.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iv) Déan cur síos ar ghné neamhthraidisiúnta amháin den cheolchasadh seo.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _


**(25)**

**Beidh sos dhá nóiméad déag ann roimh an gcéad cheist eile.**

**C. 6 Scileanna Éisteachta.** Tá an cheist seo bunaithe ar shleachta ceoil as *Scheherazade* le Nikolai Rimsky-Korsakov.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1, an chéad chuid a sheinnfear trí huaire. Tá breac-scór de na barraí 1–6 priontáilte thíos.**




(i) Seinntear an ceol sna barraí 1–6

☐ in aoncheol ☐ in armóin ☐ in aithris

(ii) Is é atá sa ghné den cheol go díreach i ndiaidh barra 6 ná

☐ bloc-chordaí ☐ scálaí ☐ cordaí briste

(iii) Ainmnigh an uirlis aonréadach a chloistear sa sliocht seo. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Sa tionlacan, cloistear cordaí á seinm


☐ ar an ngiotár ☐ ar an gcláirseach ☐ ar an bpianó

**Cuid den cheol a chloistear níos faide anonn sa ghluaiseacht chéanna, a sheinnfear trí huaire.** Freagair (iv).




(iv) Gné den cheol sa chuid seo ná

☐ sioncóipiú ☐ athruithe méadair ☐ seichimh

**Sliocht 2, an chéad chuid a sheinnfear trí huaire. Tá breac-scór den cheol sa sliocht seo priontáilte thíos.**




(i) Is iad na nótaí atá ar iarraidh ag **X** ar an scór thuas ná

☐  ☐  ☐ 

(ii) Déan cur síos ar ghné amháin den tionlacan sa sliocht seo.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**Cuid den cheol a chloistear níos faide anonn sa ghluaiseacht chéanna, a sheinnfear trí huaire.** Freagair (iii).

(iii) Sainaithin dhá dhifríocht idir an ceol seo agus an ceol a chloistear sa chéad chuid de shliocht 2.

1. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

2. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**Sliocht 3, a sheinnfear trí huaire. Níl aon cheol priontáilte ann don sliocht seo.**

Cloisfidh tú anois an chuid dheireanach den saothar seo. Déan cur síos ar chosúlacht amháin idir an ceol sa sliocht seo agus an chuid dheireanach (an Códa) de *Réamhcheol Fantaise Romeo agus Juliet* le Tchaikovsky.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**(20)**

**Tá ceithre nóiméad agat chun an scrúdpháipéar a chríochnú.**

SRACOBAIR

**Leathanach bán**